TG4, Ardán and Galway City of Film Irish Language Doc Funding Award Guidelines:

- Applications are accepted from teams of two-three people, Applications must comprise a Writer, Producer and Director. One person can cover up to two roles on the project. (e.g. Writer/Producer, Writer/ Director Director/ Producer are welcome) No person can do more than two roles on the project.
- This award is open to filmmaking teams from Galway City and County and/or films produced in Galway City and County.
- The writer, producer, director or main subject must be from or based in Galway.
- Producers - must have previously produced at least two Documentary short film
- Directors - must have previously directed produced at least two Documentary short film
- Writers - must have previous writing experience eg. screen, published or online work (links to online work should be provided on their CV)
- A writer, producer or director can be a part of up to two applications, but no writer/producer/director team or combination therein (writer/director, director/producer etc) can apply for two projects together
- The creative team must include at least two members with fluent Irish, one of which must be the Director, Writer or Editor.
- When teams are invited to an interview to pitch their film to a panel, both fluent Irish speakers will need to be present.
- Documentation may be in the English or Irish language
- Producer and directors' personal statements may be no longer than 1 page
- Applicants must be 18 years of age or over
- Students in full or part time education are not eligible to apply
- Incomplete or late applications will not be accepted
- Please note that RTÉ and Ardán aim to achieve gender balance across the selected creative team. Applicants should endeavour to achieve this within the key talent and crew list.
- We welcome applications from people under-represented in the film industry, including disabled people and ethnically diverse people, people from low socio-economic backgrounds and others with protected characteristics. We are happy to adjust the process to meet any accessibility requirements for the right candidates. Please feel free to highlight this within the personal statement(s) submitted.
- TG4 and Ardán are looking for contemporary content that reflects the interests and life experiences of today's diverse Irish generation. Ideas pitched should be bold, creative and original in their style, content and treatment to entertain, enthuse, challenge, engage and provoke Gen Z audiences. All content pitched should work naturally in the Irish language, appealing primarily to those who speak Irish regularly but with the ability to attract a wider national audience with its tone, humour and relevance.

Submission Requirements:

Applications must include all documents listed below:

Writers

- Detailed pitch document outlining idea / subject, with the film title on each page but NOT your name (PDF format)
- A logline (max 25 words) & Synopsis (max 300 words) (one PDF)
- A signed declaration of ownership of all materials submitted (PDF format)

- Personal Statement max 1 page (PDF format)
- One page PDF CV containing relevant experience (biographies will not be accepted)

Directors
- One page CV containing relevant experience (biographies will not be accepted) (PDF format)
- Online link to your showreel, or previous work you have directed
- Personal Statement max 1 page (PDF format)
- Director's notes on the vision for the submitted script/ pitch document

Producers
- One page CV containing relevant experience (biographies will not be accepted) (PDF format)
- Online link to your showreel or previous work you have produced
- Personal Statement max 1 page (PDF format)
- Producer's notes on the submitted script/ pitch document
- Budget for the production (€15,000 budget to include Insurance, Festivals and/or Marketing)
- (Gender Balanced) Crew list.

If templates for any of the above are needed or support in completing the application please get in touch with eibh@ardan.ie in advance of the closing date Suggest the following

Incomplete applications will not be accepted

Attachments must be provided via a download link in the relevant section of the application form

Applications close 3PM Monday 29th August 2022

TG4, Ardán agus Galway City of Film Dámhachtainí Maoinithe Gearrscannán Treoirlínte:

Tá ríméad ar TG4, Ardán agus *Galway City Films* Damhachtainí Maoinithe de chuid TG4 / Ardán a fhógairt den chéad uair.

Bronnfar an maoiniú ar dhá fhoireann chun Gearrscannán Faisnéise i nGaeilge a léiriú agus a sheachadadh. Tá na damhachtainí seo oscailte d'fhoirne scannánaíochta ó Chathair agus ó Chontae na Gaillimhe agus/nó do scannáin a léiríodh i gCathair nó i gContae na Gaillimhe.

Tá an sparánacht Ghaeilge seo dírithe ar scannánóirí atá ag teacht chun cinn / atá ag leibhéal idirmheánach, agus a bhfuil níos mó ná dhá chlár faisnéise curtha ar fáil acu go dtí seo. Tabharfar sparánacht €15,000 do na hiarratasóirí a n-éireoidh leo chun cabhrú leo clár faisnéise gairid idir 10 agus 19 nóiméad a dhéanamh.
Ní mór do na iarratasóirí a n-iarratas a chur isteach mar fhoireann agus is gá go mbeadh Scríbhneoir, Stiúrthóir agus Léiritheoir ar an bhfoireann.

Déanfar measúnú neamhspleách ar na hiarratais agus tabharfar cuireadh chuig agallamh do suas le sé fhoireann.

Bronnfar maoiniú ar dhá fhoireann agus cuirfear meantóireacht agus treoir ar fáil do na hiarrthóirí a n-éireoidh leo, ón bhforbairt go dtí an táirgeadh.

Is féidir tuilleadh treoirlínte maidir leis an Scéim a fháil thíos. **Is é 3PM Dé Luain, an 29 Lúnasa 2022**

an spriocdháta le haghaidh iarratais.

Treoirlínte:

- Glacfar le hiarratais ó fhoirne ar a bhfuil idir beirt agus triúr. Caithfidh Scríbhneoir, Léiritheoir agus Stiúrthóir a bheith san áireamh sna hiarratais. D'fhéadfadh duine amháin suas le dhá ról a bheith acu sa tionscadal (m.sh. fáilteofar roimh Scríbhneoir/Léiritheoir, Scríbhneoir/ Stiúrthóir, Stiúrthóir/ Léiritheoir). Ní féidir le duine ar bith níos mó ná dhá ról a ghlacadh sa tionscadal.
- Tá na sparánachtaí seo oscailte d'fhoirne scannánaíochta ó Chathair agus ó Chontae na Gaillimhe agus/nó do scannáin a léiríodh i gCathair nó i gContae na Gaillimhe.
- Tá sé riachtanach gurb as Gaillimh don scríbhneoir, léiritheoir, stiúrthóir nó don phríomhábhar, nó go mbeidís lonnaithe i nGaillimh.
- Léiritheoirí – is gá go mbeadh dhá Ghearrscannán Faisnéise ar a laghad curtha le chéile acu roimhe seo.
- Stiúrthóirí – is gá go mbeadh dhá Ghearrscannán Faisnéise ar a laghad stiúrtha / léirithe acu roimhe seo.
- Scríbhneoirí - caithfidh taithí scríbhneoireachta a bheith acu roimhe seo m.sh. obair don scáileán, ábhar a bheith foilsithe acu nó ábhar ar líne (ba cheart dóibh naisc chuig aon obair ar líne a chur ar fáil ar a CV).
- Is féidir le scríbhneoir, léiritheoir nó stiúrthóir a bheith páirteach i suas le dhá iarratas, ach ní fhéadfaidh aon fhoireann de scríbhneoir/léiritheoir/stiúrthóir ná aon mheascán díobh (scríbhneoir/stiúrthóir, stiúrthóir/léiritheoir srl) iarratas a dhéanamh ar dhá thionscadal le chéile.
- Tá sé **riachtanach** go mbeadh beirt bhall ar a laghad le Gaeilge líofa ar an bhfoireann chruthaitheach agus caithfidh duine amháin díobh sin a bheith ina Stiúrthóir, Scríbhneoir nó Eagarthóir.
- Nuair a thugtar cuireadh d'fhoirne chuig agallamh chun a scannán a chur faoi bhráid painéil, caithfidh **an bheirt** a bhfuil Gaeilge líofa acu a bheith i láthair.
- Féadfaidh an cháipéisíocht a bheith i mBéarla nó i nGaeilge.
- Ní cheadaítear níos mó ná aon leathanach amháin sna ráitis phearsanta ó na léiritheoirí agus na stiúrthóirí.
- Ní mór d'iarratasóirí a bheith 18 mbliana d'aois nó níos sine.
- Níl mic léinn atá ag freastal ar chúrsa oideachais lánaimseartha nó páirtaimseartha i dteideal iarratas a dhéanamh.
- Ní ghlacfar le hiarratais neamhiomlána nó iarratais a bheidh déanach.
- Tabhair faoi deara le do thoil go bhfuil sé mar aidhm ag RTÉ agus ag Ardán cothromaíocht inscne a bhaint amach sna foirne cruthaitheacha a roghnaítear. Ba cheart d'iarratasóirí iarracht a dhéanamh é seo a chur i gcrích taobh istigh den phríomhliosta tallainne agus foirne.
- Cuirimid fáilte roimh iarratais ó dhaoine a bhfuil tearcionadaíocht acu i dtionscal na scannánaíochta, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas agus daoine atá éagsúil ó thaobh na heitníneachta de, daoine ó chúlraí socheacnamaíocha ísle agus daoine eile a bhfuil tréithe cosanta acu. Táimid sásta an próiseas a athrú do na hiarrthóirí cearta le gur féidir aon riachtanais inrochtaineachta a chomhlíonadh. Ná bíodh aon drogall ort aird a tharraingt air seo taobh istigh den ráiteas /na ráitis phearsanta a chuireann tú ar aghaidh.
- Tá TG4 agus Ardán ag tóraíocht ábhar atá comhaimseartha agus a léiríonn suimeanna agus eispéiris saoil na nglúnta éagsúil atá in Éirinn sa lá atá inniu ann. Ba chóir go mbeadh na smaointe a chuirtear chun cinn teanntásach, cruthaitheach agus úrnua ó thaobh stíle, ábhair agus láimhseála de, d'fhonn siamsaíocht a chur ar fáil don lucht féachana as Glúin Z, iad a spreagadh, a ndúshlán a thabhairt agus iad a mhealladh agus a shaighdeadh.
- Ba cheart go n-oibreodh an t-ábhar ar fad go nádúrtha i nGaeilge, go meallfadh sé go príomha iad siúd a labhraíonn Gaeilge go rialta ach go mbeadh ar chumas an ábhair lucht féachana náisiúnta níos leithne a mhealladh freisin lena thon, greann agus ábharthacht.

Riachtanais i dtaca le haighneachta:

Caithfidh gach doiciméad atá liostaithe thíos a bheith san áireamh sna hiarratais:

Scríbhneoirí

- Doiciméad mionsonraithe den chur i láthair ina bhfuil an smaoineamh / an t-ábhar leagtha amach agus teideal an scannáin ar gach leathanach ach **GAN** d'ainm a bheith ann (Formáid PDF)
- Gearr-achoimre (25 focal ar a mhéad) agus Achoimre (300 focal ar a mhéad) (PDF amháin)
- Dearbhú úinéireachta sínithe maidir le húinéireacht an ábhair ar fad atá á chur ar aghaidh (Formáid PDF)
- Ráiteas Pearsanta, leathanach amháin ar a mhéad (Formáid PDF)
- CV faoin taithí ábhartha ar leathanach amháin i bhfoirm PDF (ní ghlacfar le beathaisnéisí)

Stiúrthóirí
- CV faoin taithí ábhartha ar leathanach amháin (ní ghlacfar le beathaisnéisí) (Formáid PDF)
- Nasc ar líne chuig do spól taispeána, nó chuig obair atá déanta agat roimhe seo
- Ráiteas Pearsanta, 1 leathanach ar a mhéad (Formáid PDF)
- Nótaí an Stiúrthóra maidir leis an bhfís don script / don chur i láthair atá á cur ar aghaidh

Léiritheoirí
- CV den taithí ábhartha ar leathanach amháin (ní ghlacfar le beathaisnéisí) (Formáid PDF)
- Nasc ar líne chuig do spól taispeána, nó chuig obair atá déanta agat roimhe seo
- Nasc ar líne chuig do spól taispeána, nó chuig obair atá déanta agat roimhe seo
- Ráiteas Pearsanta, leathanach amháin ar a mhéad (Formáid PDF)
- Nótaí an léiritheora maidir leis an gcáipéis scripte/an cur i láthair atá á chur ar aghaidh
- Buiséad don léiriúchán (buiséad €15,000 agus Árachas, Féilte agus/nó Margaíocht curtha san áireamh)
- Liosta den chriú

Má theastaíonn teimpléid le haghaidh aon cheann de na rudaí thuas nó má bhíonn cúnamh uait leis an iarratas a líonadh isteach déan teagmháil le do thoil le eibh@ardan.ie roimh an dáta deiridh.

Ní ghlacfar le hiarratais neamhiomlána.

Caithfear ceangaltáin a chur ar fáil trí nasc íoslódála a thabhairt sa chuid ábhartha den fhoirm iarratais.

Dúnfar na hiarratais ag 3PM Dé Luain, an 29 Lúnasa 2022